Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/947

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 10/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/947]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1871 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála chun mótarfheithiclí atá feistithe le córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a cheadú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 47 (Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32025 R 1871**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1871 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2025 (IO L, 2025/1871, 28.10.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1871 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2025/1871, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1871/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.